Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7443/26**
**ADD 1**

**AGRILEG 57**
**VETER 38**
**DELACT 54**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 901 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh agus lena dtugtar isteach maolú ar ghluaiseachtaí each-ainmhithe cláraithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 901 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 901 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.3.2026
C(2026) 901 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh agus lena dtugtar isteach maolú ar ghluaiseachtaí each-ainmhithe cláraithe**

## IARSCRÍBHINN

### *'IARSCRÍBHINN IX*

### *BEARTA MAOLAITHE RIOSCA MAIDIR LE hIONFHABHTÚ LEIS AN VÍREAS GORMTHEANGA (SÉIRITÍOPAÍ 1-24) NÓ IONFHABHTÚ LE VÍREAS AN GHALAIR FUILREATHA EIPEASÓTAIGH I gCÁS GLUAISEACHTAÍ AINMHITHE AR COIMEÁD AGUS AINMHITHE FIÁINE DE SPEICIS LIOSTAITHE CHUIG BALLSTÁIT EILE I gCÁS NA nGALAR SIN*

*(Dá dtagraítear in Airteagail 9, 10, 13, 15, 17, 23, 24, 26, 27, 29, 30 agus 101)*

**Cuid 1**

**Gluaiseacht ainmhithe**

1. Na hainmhithe ar coimeád:

   (a) coimeádadh iad ar feadh an 60 lá deireanach ar a laghad roimh an dáta imeachta, nó ó rugadh iad, má tá siad níos óige ná 60 lá d'aois, i mbunaíochtaí, laistigh d'achar de gha 150 km ar a laghad nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ann, ná ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, de réir mar is ábhartha, sa speiceas liostaithe i gcás na ngalar sin le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh an dáta imeachta; agus

   (b) nár vacsaíníodh iad le vacsaín bheo in aghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ná le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh le linn an 60 lá deireanach roimh dháta na gluaiseachta.

2. Coimeádadh na hainmhithe ar coimeád i mbunaíochtaí, laistigh de limistéar dar ga 150 km ar a laghad inar tuairiscíodh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, de réir mar is ábhartha, sna speicis liostaithe do na galair sin le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh an dáta imeachta, agus comhlíontar ceann amháin ar a laghad de na ceanglais seo a leanas:

   (a) coimeádadh iad i limistéar atá saor ó veicteoirí go séasúrach i gcomhréir leis na ceanglais maidir le limistéir atá saor ó veicteoirí go séasúrach a leagtar síos i gCuid 2:

      (i) ar feadh 60 lá ar a laghad roimh an dáta imeachta nó ó rugadh iad, má tá siad níos óige ná 60 lá d'aois; nó

      (ii) ar feadh 28 lá ar a laghad roimh an dáta imeachta agus rinneadh tástáil shéireolaíoch orthu, tástáil a raibh torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí a bailíodh 28 lá ar a laghad i ndiaidh dháta iontrála an ainmhí isteach sa limistéar atá saor go séasúrach ó veicteoirí; nó

      (iii) ar feadh 14 lá ar a laghad roimh an dáta imeachta agus rinneadh tástáil PCR orthu, tástáil a raibh torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí a bailíodh 14 lá ar a laghad i ndiaidh dháta iontrála an ainmhí isteach sa limistéar atá saor go séasúrach ó veicteoirí.

   (b) cosnaíodh iad ar ionsaithe ó veicteoirí agus ar ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó ar ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí agus a chomhlíonann na ceanglais maidir le bunaíocht atá cosanta ar veicteoirí a leagtar síos i gCuid 3:

(i) ar feadh 60 lá ar a laghad roimh an dáta imeachta nó ó rugadh iad, má tá siad níos óige ná 60 lá d'aois; nó

(ii) ar feadh 28 lá ar a laghad roimh an dáta imeachta agus rinneadh tástáil shéireolaíoch orthu, tástáil a raibh torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí a bailíodh 28 lá ar a laghad i ndiaidh dháta tosaigh na tréimhse cosanta ar ionsaithe ó veicteoirí; nó

(iii) ar feadh 14 lá ar a laghad roimh an dáta imeachta agus rinneadh tástáil PCR orthu, tástáil a raibh torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí a bailíodh 14 lá ar a laghad i ndiaidh dháta tosaigh na tréimhse cosanta ar ionsaithe ó veicteoirí.

(c) vacsaíníodh iad in aghaidh gach séiritíopa ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, de réir mar is ábhartha, a tuairiscíodh le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh an dáta imeachta sa limistéar sin agus tá siad laistigh den tréimhse imdhíonachta, idir tús na himdhíonachta agus deireadh na himdhíonachta, a leagtar síos i sonraíochtaí na vacsaíne, agus comhlíontar ceann amháin ar a laghad de na ceanglais seo a leanas:

(i) vacsaíníodh iad 60 lá ar a laghad roimh an dáta imeachta; nó

(ii) vacsaíníodh iad le vacsaín dhíghníomhaithe agus cuireadh faoi thástáil PCR iad, agus fuarthas torthaí diúltacha ó shamplaí a bailíodh 14 lá ar a laghad tar éis thús na himdhíonachta a shocraítear i sonraíochtaí na vacsaíne.

3. Coimeádadh na hainmhithe ar coimeád i mbunaíochtaí, laistigh de limistéar dar ga 150 km ar a laghad inar tuairiscíodh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, de réir mar is ábhartha, sna speicis liostaithe do na galair sin le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh an dáta imeachta, agus comhlíontar ceann amháin ar a laghad de na ceanglais seo a leanas:

(a) vacsaíníodh iad in aghaidh gach séiritíopa ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, de réir mar is ábhartha, a tuairiscíodh le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh an dáta imeachta sa limistéar sin;

(b) comhlíonann siad bearta sonracha maolaithe riosca a éilíonn údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe;

(c) ní chomhlíonann na hainmhithe aon cheann de na ceanglais dá bhforáiltear i bpointe (c) de mhír 2 nó i bpointí (a) nó (b) den mhír seo ach amháin maidir leis na séiritíopaí ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, de réir mar is ábhartha, a tuairiscíodh le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh an dáta imeachta sa limistéar tionscnaimh agus ní sa limistéar cinn scríbe le linn na tréimhse sin.

4. Tagann na hainmhithe fiáine ó ghnáthóg laistigh de limistéar dar ga 150 km ar a laghad inar tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó d'ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, de réir mar is ábhartha, sna speicis liostaithe do na galair sin le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh an dáta imeachta agus inar comhlíonadh ceann amháin ar a laghad de na ceanglais seo a leanas:

(a) tagann siad ó limistéar atá saor ó veicteoirí go séasúrach i gcomhréir leis na ceanglais maidir le limistéir atá saor ó veicteoirí go séasúrach a leagtar síos i gCuid 2 ar feadh 60 lá ar a laghad roimh an dáta imeachta;

(b) vacsaíníodh iad in aghaidh gach séiritíopa ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, de réir mar is ábhartha, a tuairiscíodh le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh an dáta imeachta sa limistéar sin;

(c) comhlíonann na hainmhithe na bearta sonracha maolaithe riosca a éilíonn údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe;

(d) ní chomhlíonann na hainmhithe aon cheann de na ceanglais dá bhforáiltear i bpointí (b) nó (c) den mhír seo ach amháin maidir leis na séiritíopaí ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó ionfhabhtaithe le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, de réir mar is ábhartha, a tuairiscíodh le 2 bhliain anuas roimh an dáta imeachta sa limistéar tionscnaimh seachas sa limistéar cinn scríbe le linn na tréimhse sin.

**Cuid 2**

**Limistéir atá saor ó veicteoirí go séasúrach**

1. I gcás gluaiseachtaí ainmhithe de speicis liostaithe maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh go Ballstáit eile, féadfar limistéir atá saor ó veicteoirí go séasúrach a bhunú más rud é gur léirigh an t-údarás inniúil tús agus deireadh na tréimhse saor ó veicteoirí bunaithe ar fhaireachas feithideolaíochta.

2. Má rinneadh an tréimhse saor ó veicteoirí ar feadh tréimhse 3 bliana as a chéile a léiriú go rathúil, féadfaidh critéir bhreise amhail teocht teacht in ionad faireachas feithideolaíochta chun bunús a thabhairt le tús agus deireadh na tréimhse saor ó veicteoirí ar bhonn fianaise eolaíoch.

3. Déanfar aitheantas limistéar atá saor ó veicteoirí go séasúrach a tharraingt siar láithreach bonn i gcás ina bhfuil fianaise ann go bhfuil deireadh tagtha leis an tréimhse saor ó veicteoirí nó gur cuireadh an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh i gcúrsaíocht den chéad uair.

**Cuid 3**

**Bunaíocht atá cosanta ar veicteoirí**

Déanfaidh bunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí na ceanglais seo a leanas arna n-aithint agus arna bhfíorú ag an údarás inniúil a chomhlíonadh ag minicíocht iomchuí:

(a) tá bacainní fisiciúla iomchuí ag a pointí iontrála agus imeachta;

(b) déanfar oscailtí a scagadh in aghaidh veicteoirí le mogall a bhfuil tomhas cuí aige agus a mhaothfar go rialta le feithidicíd fhormheasta de réir threoracha na monaróirí;

(c) déanfar faireachas agus rialú veicteora laistigh den bhunaíocht atá cosanta ar veicteoirí agus timpeall uirthi;

(d) déanfar bearta chun láithreacha pórúcháin veicteoirí a theorannú, nó chun iad a dhíothú, i gcóngar na bunaíochta atá cosanta ar veicteoirí; agus

(e) beidh nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha i bhfeidhm, lena n-áirítear tuairiscí ar chórais chúltaca agus aláraim, chun an bhunaíocht atá cosanta ar veicteoirí a oibriú agus chun ainmhithe a iompar go dtí an áit lódála.